5 Aibreán 2018

Eisíodh cinneadh don iarratas d'Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta le haghaidh cóiríochta cónaithe ag Bóthar an Stáisiúin, Port Mearnóg, Baile Fearainn na Maighne agus Phort Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath.

Tagairt Cáis: 300514-17

Dheonaigh An Bord Pleanála cead, faoi réir 23 choinníollach, don fhorbairt bheartaithe a bhaineann de 150 aonad cónaithe (98 dteach agus 52 árasán) mar a chuireadh isteach ag St. Marnock's II Designated Activity Company & Clear Real Estate ag Bóthar an Stáisiúin, Port Mearnóg, Baile Fearainn na Maighne agus Phort Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh an t-iarratas chuig an mBord Pleanála ar an 20 Nollaig 2017 agus rinneadh cinneadh air ar an 23 Márta 2018. Bhí sé seo roimh an spriocdháta, 19 Aibreán 2018.

Bhí tréimhse comhairliúcháin phoiblí san áireamh sa phróiseas iarratais agus lean sé críochnú comhairliúcháin réamhiarratas leis an mBord Pleanála agus an údarás áitiúil oiriúnach.
Tá na príomhcháipéisí maidir le cinneadh an Bhoird ar fáil mar seo a leanas:

- Ordú Boird
- Treoir an Bhoird
- Tuairisc an Chigire

Is féidir eolas mionsonraithe d'iarratasóirí, d'údaráis áitiúla agus don phobal i gcoitinne ar Fhorbairt Straitéiseach Tithíochta a fháil ag www.pleanala.ie. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le bord@pleanala.ie le do thoil.